

# ELeathanach319

Dé Luain 1 Aibreán 2019

## Nipsey Hussle

Dé Domhnaigh in Los Angeles, fuair an rapamhránaí Nipsey Hussle bás. Bhí sé 33 bliana d'aois. Bhí an-bhrón ar Rihanna, Drake agus Ice Cube.

Is é Ermias Davidson Asghedom a ainm ceart. Victory is ainm don chéad albam a chuir sé amach.



## Boyzone

Tháinig tinneas ar Keith Duffy sa Téalainn agus tá sé san ospidéal ansin. Ach tá ceolchoirmeacha ar siúl ag Boyzone san Astráil anois.

Beidh Ronan Keating, Mikey Graham agus Shane Lynch ag canadh gan Keith. Tá súil againn go dtiocfaidh biseach ar Keith go luath.



Maigh Eo abúl

## An Bua ag Maigh Eo!

I bPáirc an Chrócaigh inné, bhí Maigh Eo ag imirt sa chraobh. Bhí Maigh Eo agus Ciarraí ag imirt i gcoinne a chéile. An scór a bhí ann ag deireadh an chluiche ná Maigh Eo 3 - 11 Ciarraí 2 - 10.

Chaith a lán daoine glas agus dearg ar an lá. Bhí an-áthas ar fhoireann Mhaigh Eo! D'imir Ciarraí go maith freisin, ach bhí an t-ádh ar Mhaigh Eo. Is é James Horan an bainisteoir agus bhí sé ar bís nuair a bhuaigh Maigh Eo.

## AgroCycle Kids

An tseachtain seo caite, bhí comhdháil ar siúl faoin timpeallacht. Thosaigh an chomhdháil leis an amhrán rap ó AgroCycle Kids. Bhí Liam, Anna, agus Kate ó Chontae Shligigh ag canadh. Bhí siad ar fheabhas. Is féidir leat éisteacht leis an amhrán rap anseo. [http://kids.agrocycle-dev.iris.cat/cinema\\_room](http://kids.agrocycle-dev.iris.cat/cinema_room)

Bhí na cainteoirí eile ag labhairt faoi rudáí éagsúla atá déanta acu as dramhaíl. Rinne eolaithe Iodáileacha potaí as craiceann prátaí. Rinne eolaithe eile brioscaí agus soip as dramhaíl a bhain le rís.

Tá suíomh nua anois ag AgroCycle Kids agus cabhróidh sé le múinteoirí, le tuismitheoirí agus le páistí maidir leis an timpeallacht. Tá áiseanna ann i nGaeilge agus i mBéarla atá saor in aisce. <http://agrocycle-platform.com>

Tá amhrán ar an suíomh ó Ghaelscoil i gCaisleán Riabhach, Contae na Gaillimhe. Rinne siad físeán iontach den dán 'An Damhan Alla agus an Mhíoltóg' a scríobh Dubhghlas de hÍde. Ba é Dubhghlas de hÍde Céad Uachtarán na hÉireann.

Bhuaigh na háiseanna seo an chéad duais sa Chomórtas Eorpach 'Think Biobased Challenge'. <http://agrocycle-platform.com> Téigí ar an suíomh agus bainigí taitneamh as na háiseanna!



Seo iad Anna, Liam agus Kate ó Chontae Shligigh!



Seo é Liam. Tá na soip seo déanta as dramhaíl a bhain le rís!